

## ÚDARÁS NA GAELTACHTA

### CÓD IOMPAIR DO CHOMHALTAÍ AN BHOIRD AGUS DON FHOIREANN

#### Réamhrá

Tá an Cód Iompair seo leagtha amach de réir forálacha Aguisín C den Chód Cleachtais do Rialú Comhlachtaí Stáit a d' eisigh An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in 2016. Is ceart an Cód Iompair a léamh in éineacht leis na hAchtanna um Údarás na Gaeltachta, le hAcht na Gaeltachta 2012, le Buan-Orduithe Údarás na Gaeltachta agus leis an Lámhleabhar Foirne, leis na Cóid Chleachtais do Chúram Custaiméara Ardchaighdeáin agus an Nós Imeachta Láimhseála Gearán Custaiméara, chomh maith le forálacha na nAchtanna um Eitic in Oifig Phoiblí, 1995 agus 2001.

Tá Cód Iompair an Údaráis ar fáil ar an suíomh gréasáin [www.udaras.ie](http://www.udaras.ie).

#### Cuspóirí an Chóid Seo

Glactar leis mar phrionsabal go gcloífidh comhaltaí Údarás na Gaeltachta agus a fhoireann le scothchleachtais aitheanta agus leis na caighdeáin is airde seirbhíse poiblí de réir mar a léirítear sa Chód Iompair seo.

#### *Na hAchtanna um Údarás na Gaeltachta*

Féachann Údarás na Gaeltachta le haidhmeanna na nAchtanna um Údarás na Gaeltachta agus Acht na Gaeltachta 2012 a chur chun cinn go tréan fuinniúil macánta trí chlár cuimsitheach gníomhaíochtaí atá dírithe ar bhuanú an phobail Ghaeltachta agus buanú na Gaeilge mar phríomhtheanga chumarsáide an phobail sin. Bainfear amach na cuspóirí seo trí aidhmeanna straitéiseacha a leanúint sna príomhréimsí seo:

- Forbairt Fiontraíochta
- Forbairt Pobail agus Réigiúnach
- Pleanáil Teanga
- Forbairt Acmhainní Daonna

Tríd an gCód seo

- Gníomhóidh an tÚdarás de réir caighdeán aitheanta eitice,
- Cothóidh sé agus caomhnóidh sé muinín agus iontaoibh, agus
- Féachfaidh sé le cleachtais mhí-eiticiúla a chosc agus a sheachaint.

#### Prionsabail an Chóid Seo

Mar dhaoine ag gabháil do sheirbhís poiblí, tá sé riachtanach cloí leis na luachanna seo thíos.

## **Ionracas**

Tá dualgas ar Chomhaltaí Boird agus foirne leasanna a nochtadh de réir na nAchtanna um Údarás na Gaeltachta (agus ar Chomhaltaí Boird agus comhaltaí foirne de Ghrád 1 nó níos airde, nó orthu siúd atá ina stiúrthóirí ar fhochuideachtaí de chuid an Údaráis, de réir na nAchtanna um Eitic in Oifig Phoiblí, 1995 agus 2001), agus céimeanna a ghlacadh chun aon choinbhleachtaí a dhéanfadh dochar don Údarás a sheachaint. Coinnítear clár leasanna comhaltaí de réir mar a leagtar síos iad sa Chód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit. Tá clár ann freisin díobh siúd ar an bhfoireann a nochtann leas tairbhiúil i ngnóthaí a bhaineann leis an Údarás. Déantar athbhreithniú bliantúil ar an gclár sin.

Mar pholasaí ginearálta níl sé inghlactha i dtaca lena ghnóthaí a dhéanamh go héifeachtach bronntanais ná comaoin ar bith eile a bhfuil luach air (i.e sochair comhchineáil, aíocht, lascaí, seirbhísí & srl.) a ghlacadh ná a thairiscint ná a thabhairt, sa chás go gcuirfeadh sé isteach nó go bhféadfaí a mheas go gcuirfeadh sé isteach ar bhreithiúnas neamhchlaonta faoi ghnóthaí de chuid an Údaráis. Cé nach féidir uasmhéid sonracha a chur ar an luach a bheadh inghlactha, toisc go mbraitheann gach cás ar a chúinsí féin, is féidir glacadh leis go mbeadh amhras faoi aon bhronntanas de luach níos mó ná €75.

Níl cead glacadh le bronntanais airgid, cuma cén luach atá i gceist, faoi chúinsí ar bith, ó chliant, ó theagmhálaithe gnó ná ó chomhlachtaí a sholáthraíonn earraí nó seirbhísí don eagraíocht, más féidir a mheas gur bhain an bronntanas le post an Chomhalta Boird nó foirne leis an eagraíocht.

Déantar deimhin de go gceannaítear earraí agus seirbhísí de réir modhanna inghlactha, laistigh de phrionsabail na dtreoirlínte den Chód Cleachtais do Rialú Comhlachtaí Stáit, agus na dtreoirlínte do cheannachán poiblí a luaitear ann. I gcomhréir leis an Treoir “Ethics in Public Procurement” a d’eisigh an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair in 2005, bainfidh na nithe sonracha seo a leanas le ceannachán poiblí agus le gnóthaí eile le cliant:

### **Féile agus Urraíocht**

Ní cheadaítear féile a lorg in aon chor, go díreach ná go hindíreach;

Is féidir go mbeidh cás ann ó am go chéile béile a ghlacadh le soláthraí nó le cliant de réir gnáthnós gnó, ach ní foláir cloí le treoirlínte eile na heagraíochta i gcás a leithéide;

Is ar bhonn teoranta amháin is cóir glacadh le cuireadh chuig ócáidí gailf agus caitheamh aimsire eile, agus ní foláir cloí le treoirlínte eile na heagraíochta i gcás a leithéidí;

Is gá a chinntiú nach dtabharfadh minicíocht a leithéid de nós le fios go bhféadfadh tionchar a bheith aige ar chinneadh gnó;  
Ní cheadaítear glacadh le híocaíocht as lóistín ná taisteal ó sholáthraí in aon chor;

Ní cheadaítear urraíocht a lorg ó sholáthraí ná ó chliant in aon chor, agus má thairgtear urraíocht, tá gá le cead sonracha i scríbhinn ón mbainistíocht le glacadh leis.

I gcás go ndiúltaítear glacadh le hurraíocht nó le bronntanas ar chúiseanna eitice, is ceart na cúiseanna sin a mhíniú don té a thairgeann a leithéid, d'fhonn míthuiscint nó mínáire a sheachtaint.

Ní cheadaítear d'oifigigh a bhíonn ag plé le ceannachán áiseanna speisialta ná lascaine a fháil ar cheannacháin phríobháideacha ó chonraitheoirí, sholáthraithe ná lucht soláthraithe seirbhísí a mbíonn siad ag plé go hoifigiúil leo.

### **Iompar Frith-Iomaíoch**

Ní foláir a chinntiú chomh fada agus is féidir nach bhfeidhmíonn daoine ar bhealach a chuirfeadh as d'iomaíocht chothrom oscailte.

Cloítear leis na modhanna imeachta a leagann an tÚdarás síos ó thráth go chéile, laistigh de phrionsabail na dtreoirlínte den Chód Cleachtais do Rialú Comhlachtaí Stáit, maidir le diúscairt maoinne agus maidir le sócmhainní a chur ar fáil do thrú páirtithe.

Ní ceart go mbainfeadh Comhaltaí Boird ná foirne leas as a bpost san eagraíocht chun aon bhuntáiste nó cúiteamh pearsanta a fháil as acmhainní na heagraíochta, ná toiliú nó glacadh lena leithéid nó iarracht a dhéanamh a leithéid a fháil as a seirbhís leis an eagraíocht. Ní bhaineann sé seo le cúiteamh ná costais údaraithe i leith an phoist, agus ní chuireann sé seo cosc ar éileamh a dhéanamh ar théarmaí cúitimh nó leasanna breise i leith an chúraim féin.

### **Freagracht**

Tá an Bord freagrach don phobal agus don Aire Cultúr, Oidhreachta agus Gaeltachta de réir théarmaí na nAchtanna um Údarás na Gaeltachta agus Acht na Gaeltachta 2012, agus is ceart go mbeadh sé ullamh lena chur faoi cibé scrúdú a oireann.

Aithníonn agus tuigeann an tÚdarás a fhreagrachtaí faoin gCód seo, agus déanann sé deimhin de go scaipfead an Cód agus eolas i bhfoirm chuí ar Chomhaltaí Boird agus foirne chun go gcloífear le scothchleachtais in imeachtaí agus gnó an Údaráis.

Tá córas admhála i bhfeidhm lena chinntiú go n-adhmaíonn Comhaltaí agus fostaithe nua go bhfuair siad agus go dtuigeann siad an Cód Iompair agus nithe gaolmhara.

Cinntíonn Bainistíocht agus Bord an Údaráis go mbíonn treoir agus comhairle phraiticiúil ar nithe amhail bronntanais agus aíocht agus ar cheisteanna eiticiúla eile a éiríonn go rialta ar fáil tríd an gCód seo agus trí Lámhleabhar Foirne an Údaráis.

### **Fochuideachtaí**

Aithnítear an fhreagracht ar leith atá ar stiúrthóirí fhochuideachtaí an Údaráis, a chinntiú go reáchtáiltear gnóthaí na bhfochuideachtaí sin de réir na gcaighdeán cuí ó thaobh dlí agus eitice de. Aithníonn an tÚdarás a dhualgas féin, freisin, maidir le monatóireacht tráthrialta a dhéanamh ar imeachtaí na bhfochuideachtaí, agus dualgais bhainistíochta an Údaráis Bord an Údaráis a choinneáil ar an eolas go cuí dá réir.

## Dualgais

Is ceart go gcloífeadh an tÚdarás lena dhualgais reachtúla agus le rialacháin agus treoirlínte eile maidir le:

- Cód chleachtais, an Cód seo san áireamh, a scaipeadh agus a chur i bhfeidhm go héifeachtach;
- Maoirseacht ar chistí poiblí;
- Cloí leis na leibhéil údaráis a shonrófar ó am go ham;
- Córais rialaithe a fheidhmiú chun calaois a sheachaint, nó a aithint sa chás gurb ann di;
- Cloí le rialacha agus rátaí maidir le costais taistil agus chothaithe, agus costais taistil a éileamh go tráthrialta, oiread agus is féidir ag deireadh gach míosa a mbíonn costais dá leithéid ann;
- Freastal rialta a dhéanamh ar chruinnithe den Údarás;
- Comhoibriú leis an bpróiseas iniúchóireachta inmheánach.

## Faisnéis

Tacaíonn an Bord agus foireann an Údaráis le rochtain a sholáthar ar fhaisnéis ghinearálta i dtaobh ghníomhaíochtaí an Údaráis, ar bhealach atá oscailte agus a threisiúnn a chuntasacht don phobal i gcoitinne.

San am céanna, glactar leis gur gá a bheith dílis don rúndacht maidir le faisnéis íogair atá i seilbh an Údaráis, idir fhaisnéis

- tráchtála (agus san áireamh tá faisnéis a bhaineann le cliant agus le gnóthais a dhéanann gnó leis an Údarás)
- phearsanta, agus
- faisnéis a fhaigheann an tÚdarás faoi rún

Leagtar síos caighdeáin chuí maidir le nochtadh eolais sna Buan-Orduithe, sa Lámhleabhar do Chomhaltaí Boird agus sa Lámhleabhar Foirne, agus sna treoirlínte a bhaineann leis na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise agus leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí, faoi réir a bheith dílis do ghnáthaimh chuí chomhairliúcháin roimh ré le tríú páirtithe nuair atá i gceist, go heisceachtúil, eolas íogair a scaoileadh ar mhaithe le leas an phobail. Síniúnn fostaithe dearbhú rúndachta cuí nuair a cheaptar ina bhfostaithe iad.

Ní bhainfidh Comhaltaí Boird ná foirne mí-úsáid as eolas a fhaightear sa cháil sin dá leas príobháideach féin ná do leas príobháideach dhaoine eile, agus ní chuirfidh siad a leasanna príobháideacha ná daoine, cuideachtaí, gnólachtaí ná eagraíochtaí eile a bhfuil baint acu leo chun cinn trí eolas rúnda nó príobháideach a fhaightear ina gcúraimí leis an eagraíocht. Leanann an fhoráil seo i bhfeidhm tar éis do dhuine an eagraíocht a fhágáil, agus áirítear léi srian de réir mar is cuí maidir le glacadh le poist tar éis fostaíocht leis an Údarás a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le coimbheacht leasa agus le hábhair inmí i dtaca le rúndacht.

Níor chóir do Chomhaltaí Boird cáipéisíocht rúnda a fuarthas le linn a dtréimhse mar Chomhaltaí a choinneáil. Ag deireadh tréimhse mar Chomhaltaí Boird is ceart dóibh cáipéisí den saghas seo a thabhairt ar ais do Rúnáil Bhord an Údaráis, é sin nó léiriú do

Rúnaí an Bhoird go bhfuarthas réidh leo seo ar bhealach cuí. I gcás go bhfuil gá ag Iar-Chomhaltaí le páipéarachas an Bhoird a bhain lena dtréimhse ama ar an mBord, is féidir le Rúnaí an Bhoird é seo a éascú.

Leagtar amach cuntais an Údaráis agus a chuid tuarascálacha ar bhonn macánta cruinn, d'fhonn léargas ceart a thabhairt ar a ghnóthaí agus a chúrsaí airgeadais.

### **Dílseacht**

Tá dualgas ar Chomhaltaí Boird agus foirne a bheith dílis don eagraíocht agus dá fheidhmeanna, agus iad i mbun a gcúraimí leis an Údarás, ach ag glacadh san áireamh ag an am céanna dualgais maidir le cloí le rialacha eitice agus macántachta. Gan dochar do ghinearáltacht na míre seo, cinnteoidh an tÚdarás gurb í an Ghaeilge a úsáidfear a mhéid agus is féidir nuair a bheidh a fheidhmeanna á gcomhlíonadh aige agus thar a cheann.

### **Comhionannas agus Cothroime**

Aithníonn an tÚdarás an gá

- le cloí le dlí agus le spiorad na reachtaíochta a bhaineann le comhionannas i bhfostaíocht agus comhionannas stádais, agus
- le cloí le dea-chleachtais atá cóir agus cothrom ó thaobh gnó de agus a thugann ómós ceart do gach duine a dhéanann gnó leis.

### **Riachtanais Dlí**

Is ceart go gcinnteodh gach Comhalta Boird agus foirne go bhfuil tuiscint leordhóthanach aige/aici ar réimsí dlí a bhaineann lena d(h)ualgais leis an Údarás. Deimhnítear go bhfuil rochtain ag gach Comhalta den Údarás ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí Bhord an Údaráis lena chinntiú go gcloítear le gnáthaimh an Údaráis agus go gcomhlíontar na rialacha agus na rialacháin a bhaineann le hábhar.

Is féidir le Comhaltaí, chun críche a ndualgas, comhairle ghairmiúil neamhspleách a fháil, más gá, ar chostas réasúnta an Údaráis mar a leanas:

Chomh fada agus is féidir, is trí chruinnithe den Údarás nó dá chuid coistí a leagfar amach an riachtanas don chomhairle ghairmiúil, agus déanfar freastal ansin ar an riachtanas chomh fada agus is féidir trí Rúnaí Bhord an Údaráis agus an Rannóg Chorparáideach. Más gá comhairle neamhspleách a lorg, rachaidh Rúnaí an Bhoird i gcomhairle leis an gCathaoirleach chun aontú ar mhodh chun an chomhairle a fháil ar uaschostas réasúnta.

Má mheasann Comhalta nó Comhaltaí ar leith gur gá comhairle ghairmiúil neamhspleách a fháil, nach féidir a fháil ón Rannóg Chorparáideach nó trí shocrú trí chruinniú den Údarás nó de choiste dá chuid mar atá ráite thuas, rachaidh an Comhalta nó na Comhaltaí sin i gcomhairle leis an gCathaoirleach d'fhonn teacht ar aontú ar mhodh chun an chomhairle a fháil ar uaschostas réasúnta réamhshocráithe.

### **Forbairt Foirne**

Is mian leis an Údarás go dtabharfaí deiseanna céanna forbartha do gach ball den fhoireann agus, chuige sin go gcuirfear gach deis réasúnta d'fhostaithe iad féin a fhorbairt. Cuirfear tacaíocht ar fáil dóibh chun gur féidir leo barr a gcumais a bhaint amach san eagraíocht. Tá scéimeanna staidéir agus córas comhairlithe againn, chomh maith le córas athbhreithnithe bliantúil, ina ndéantar riachtanais oiliúna a mheas leis na fostaithe féin agus tacú le féinfhorbairt an fhostaí.

### **Cúrsaí Oibre agus Timpeallachta**

Is mian leis an Údarás cloí leis na caighdeáin is airde, agus glacann sé céimeanna go leanúnach i dtaca le cúrsaí oibre agus comhshaoil;

- maidir le sláinte agus sábháilteacht a chuid fostaithe agus cuairteoirí chuig a n-ionaid ghnó;
- maidir le riachtanais agus mianta na bpobal Gaeltachta; agus
- maidir le caomhnú na timpeallachta fisiciúla agus cultúir, agus le caomhnú agus leathadh na Gaeilge mar phríomhmheán cumarsáide sa Ghaeltacht.

### **Ról an Phríomhfheidhmeannaigh**

Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as bainistíocht agus rialú na heagraíochta agus as Pleananna Corparáideacha agus Gnó an Údaráis a chur i bhfeidhm i gcomhairle leis an Údarás féin. Cinnteoidh an Príomhfheidhmeannach go gcomhlíonfar na hoibleagáidí go léir i dtaca le bainistíocht, measúnú agus forbairt foirne agus cinnteoidh sé go bhfuil bearta cuí forbartha, oiliúna, comhairle agus earcaíochta foirne i bhfeidhm. Is ceart go dtacódh Comhaltaí leis an bPríomhfheidhmeannach i mbainistíocht agus rialú na heagraíochta de réir na gcaighdeán cuí gnó agus dlí.

De réir chonradh fostaíochta an Phríomhfheidhmeannaigh déanann an tÚdarás measúnú bliantúil ar fheidhmíocht an Phríomhfheidhmeannaigh de réir treoirlínte Stáit i leith luach saothair do phoist dá leithéid.

### **Athbhreithniú**

Déanfaidh an tÚdarás athbhreithniú ar an gCód Iompair seo de réir mar is cuí.

**Meán Fómhair 2017**